



An Bhruiséil, 15 Feabhra 2016
(OR. en)

6061/16

DEVGEN 20
CLIMA 12
COPS 51
CFSP/PESC 125
ENV 65
ONU 15
RELEX 103
CSDP/PSDC 89

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 6049/16
roimhe seo:

Ábhar: An taidhleoireacht Eorpach i ndáil leis an aeráid i ndiaidh chruinniú COP21
- Conclúidí ón gComhairle (15 Feabhra 2016)

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an taidhleoireacht Eorpach i ndáil leis an aeráid i ndiaidh chruinniú COP21, a ghlac an Chomhairle ag an 3447ú cruinniú dá cuid a tionóladh ar an 15 Feabhra 2016.

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an taidhleoireacht Eorpach i ndáil leis an aeráid
i ndiaidh chruinniú COP21

1. Agus í ag meabhrú di na Conclúidí ó mhí Iúil 2015 inar iarradh ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún tuarascáil a thabhairt ag tús na bliana 2016 maidir le toradh chruinniú COP21 agus maidir leis na himpleachtaí a bheadh aige ar an taidhleoireacht i ndáil leis an aeráid, ghlac an Chomhairle na Conclúidí seo a leanas.
2. Is díol sásaimh don Chomhairle Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide, ar suntasach an t-éacht é don chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus don iltaobhachas. Comhaontú uaillmhianach, cothrom, cothromasach atá ceangailteach ó thaobh dlí de is ea Comhaontú Pháras. Is é a bhí sa chomhaontú a ghlac 187 bPáirtí agus san fhógra comhchoiteann a thug siad ag deireadh chruinniú COP21 maidir lena Rannchuidiú Beartaithe arna Chinneadh go Náisiúnta (INDCanna), cor cinntitheach i dtreo gníomhaíocht chuimsitheach chomhchoiteann ar an leibhéal domhanda lena gcuirfear dlús, tráth cur chun feidhme, ar bhealach críochnaitheach agus do-athraithe, leis an aistriú i dtreo geilleagar domhanda a bheidh seasmhach, neodrach ó thaobh na haeráide de.
3. Molann an Chomhairle na Páirtithe sa Choinbhinsiún, na Náisiúin Aontaithe agus Uachtaránachtaí Pheiriú agus na Fraince ar COP as a dtréaniarrachtaí agus as a n-obair rathúil lena baineadh amach Comhaontú Pháras, agus léiríonn sí a cuid tacaíochta don chéad Uachtaránacht eile ar COP22, Uachtaránacht Mharacó.

4. Roimh chruinniú COP21 agus lena linn, chuaigh an tAontas agus a chuid Ballstát, ag tógáil ar a ndintiúirí maithe sa ghníomhaíocht ar son na haeráide intíre agus i gcomhar le go leor páirtithe eile, i mbun "Comhghuaillíocht Uaillmhianach" leathan ar feadh grúpaí réigiúnacha éagsúla de chuid tíortha forbartha agus tíortha atá i mbéal forbartha. Bhí ról ríthábhachtach ag an gcomhghuaillíocht sin maidir le dinimic na caibidlíochta a threorú ag céim chinntitheach le linn chruinniú COP21 agus d'fhéadfadh go mbeadh sin ina chur chuige maidir le comhghuaillíocht a chur le chéile a thacódh le síniú tráthúil, daingniú mear mar aon le cur chun feidhme iomlán Chomhaontú Pháras ag na Páirtithe uile. Thairis sin, ba cheart, trí thaidhleoireacht an Aontais, Páirtithe ó thríú tíortha a spreagadh chun a INDCanna a thabhairt cothrom le dáta le go n-ardófaí uaillmhianta sa chaoi is go gcomhlíonfar na spriocanna a comhaontaíodh.
5. Beidh gá le slógadh leanúnach polaitiúil agus taidhleoireachta ar an leibhéal domhanda d'fhonn an t-ugach a tugadh i bPáras a choinneáil beo. D'fhonn tacú leis na cuspóirí idirnáisiúnta maidir leis an aeráid, is díol sásaimh don Chomhairle na gnéithe den ghníomhaíocht maidir leis an taidhleoireacht i ndáil leis an aeráid in 2016, atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, agus a chuir SEGS agus an Coimisiún ar fáil, ag féachaint do phlean gníomhaíochta maidir leis an taidhleoireacht i ndáil leis an aeráid a fhorbairt don bhliain 2016, ar phlean é ina mbeidh teachtaireachtaí tábhachtacha, dírithe ar thrí cinn de phríomhshnáithe:
- Tacú leis an athrú aeráide i gcónaí mar thosaíocht straitéiseach san idirphlé taidhleoireachta, sa taidhleoireacht phoiblí agus in ionstraimí beartais sheachtraigh;
 - Tacú le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras agus na ranníocaíochtaí atá sé beartaithe a dhéanamh ar bhonn na gcinntí náisiúnta (INDCanna), i gcomhthéacs na forbartha ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide de;
 - Cur leis na hiarrachtaí aghaidh a thabhairt ar an nasc idir an t-athrú aeráide, acmhainní nádúrtha, lena n-áirítear uisce, rathúnas, cobhsaíocht agus an imirce.
6. Ní mór an t-athrú aeráide, gníomhaíocht uaillmhianach phráinneach agus cur chun feidhme ghealltanais COP21 a choinneáil mar thosaíochtaí ar leith don Aontas ó thaobh na taidhleoireachta i ndáil leis an aeráid, lena n-áirítear i gcaibidlíocht ardleibhéil dhéthaobhach agus i gcaibidlíocht ardleibhéil dhé-réigiúnach le tíortha comhpháirtíochta, G7, G20, ag na Náisiúin Aontaithe agus i bhfóraim idirnáisiúnta eile.

7. Cuireann an Chomhairle i bhfios gur cheart, le teagmháil thaidhleoireachta, díriú freisin ar an gcaibidlíocht leis an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) agus leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus gur cheart díriú freisin ar an gcaibidlíocht faoi Phrótacal Montréal maidir leis an leasú i ndáil le hidreafluoracarbóin (HFCanna).

8. Aithníonn an Chomhairle go gcaithfear tús áite a thabhairt do INDCanna a chur chun feidhme go huailmhianach ar an leibhéal domhanda. I gcomhthéacs na taidhleoireachta i ndáil leis an aeráid, ba cheart a chur san áireamh go hiomlán, sa chomhar don fhorbairt idir an tAontas, na Ballstáit agus tríú tíortha, na sineirgí idir cuspóirí i leith na haeráide agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe a glacadh i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus a glacadh i geláir oibre idirnáisiúnta eile. Is é ról na taidhleoireachta i ndáil leis an aeráid freisin tacú le sreabha airgeadais phoiblí agus phríobháidigh a bheadh ag teacht leis an mbealach i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus i dtreo forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, dá dtagraítear i gComhaontú Pháras, lena n-áirítear trí réimse na ranníocóirí a leathnú.

9. Cuireann an Chomhairle i bhfios go bhfuil acmhainní airgeadais á gcur ar fáil ag an Aontas agus ag na Ballstáit chun tacú le tíortha atá i mbéal forbartha maidir le hoiriúnú agus maidir le maolú, agus sin sa bhreis ar na gealltanais a thug siad cheana. Leagann an Chomhairle béim ar na ranníocaíochtaí suntasacha a rinneadh i dtaca le maoiniú don troid i gcoinne athrú na haeráide, ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear tríd an gCiste Glas don Aeráid. Is é an ról atá ag an taidhleoireacht i ndáil leis an aeráid spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh ar nós thionscnaimh an G7 maidir le hárachas ar riosca a bhaineann leis an aeráid agus maidir le fuinneamh inathnuaite san Afraic, ar nós Dhearbhú Nua Eabhrac maidir le Foraoisí, nó an obair leanúnach atá ar siúl sa G20 maidir le maoiniú glas agus maoiniú don troid i gcoinne athrú na haeráide, agus na bealaí eile cur chun feidhme atá ann, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais na ndaoine sin atá an-leochaileach ó thaobh athrú aeráide.

10. Cuireann an Chomhairle i bhfios gur gá don Aontas agus do na Ballstáit leanúint den obair chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair dhíreacha agus ar na tionchair indíreacha atá ag an athrú aeráide ar an tslándáil idirnáisiúnta. Mar shampla, mar chuid de Straitéis Dhomhanda an Aontais, ba cheart don Aontas obair a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt straitéiseach, ilghnéitheach a bhaineann leis an athrú aeráide. Maidir leis na héifeachtaí díchobhsaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide (lena n-áirítear ar an imirce, ar shlándáil an tsoláthair bia, ar rochtain iontaofa ar acmhainní, ar uisce agus ar fhuinneamh, ar leathadh galar eipidéimeach, agus ar an éagobhsaíocht shóisialta agus eacnamaíoch), ba cheart don Aontas, do na Ballstáit agus do na tíortha comhpháirtíochta aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear trí mheasúnaithe riosca ar an aeráid agus trí thacú le hacmhainní a fhothú. Sa chomhthéacs sin, tá an tAontas ag tnúth leis an obair leantach a dhéanfaidh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an athrú aeráide.
11. Aithníonn an Chomhairle go gcuireann an t-athrú aeráide leis an imirce a tharlaíonn mar thoradh ar leochaileacht stáit, ar easpa slándála agus ar ghanntanas acmhainní. Trí thuilleadh anailíse a dhéanamh ar na naisc idir laigí ó thaobh na haeráide de agus leochaileacht agus rioscaí slándála, is fearr a bheidh an tAontas in ann na réimsí a shainaithint ina bhfuil na rioscaí comhcheangailte thar a bheith ard agus ina bhfuil deiseanna ríthábhachtacha maidir le coinbhleachtaí a chosc agus maidir leis an tseasmhacht, lena n-áirítear i gcomhthéacs dhúshlán na himirce i gcoitinne. Ba cheart tacaíocht phraiticiúil maidir le beartais maolaithe agus oiriúnaithe i dtríú tíortha a bheith ar cheann de phríomhghnéithe de thaidhleoireacht an Aontais i ndáil leis an aeráid, is é sin trí INDCanna agus straitéisí forbartha cuimsitheacha fadtéarmacha ísealcharbóin a chur chun feidhme agus a thabhairt cothrom le dáta, arb é is aidhm dóibh go sroichfear buaicphointe na n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa domhanda a luaithe is féidir agus go méadófar an tseasmhacht i gcoinne an athraithe aeráide, agus tosaíochtaí agus cúinsí na dtríú tíortha á gcur san áireamh i gcomhthráth.
12. Leanfaidh an AE de thacaíocht a thabhairt do chur chun cinn agus do chosaint chearta an duine freisin i gcomhthéacs an athraithe aeráide agus na taidhleoireachta i ndáil leis an aeráid. Maidir leis sin, aithníonn an Chomhairle freisin a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht iomlán, chomhionann, éifeachtach na mban a chinntiú agus comhionannas deiseanna maidir le ceannaireacht a áirithiú ar gach leibhéal den chinnteoireacht. Tá fianaise ann go bhfuil comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus rannpháirtíocht iomlán, chomhionann na mban agus ceannaireacht na mban sa gheilleagar ríthábhachtach d'fhonn forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, lena n-áirítear oiriúnú don aeráid agus maolú ar an athrú aeráide.

13. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i gcomhréir lena róil agus lena n-inniúlachtaí faoi seach, leanúint de chomhordú agus d'oibriú go dlúth lena chéile maidir le taidhleoireacht an Aontais i ndáil leis an aeráid a chur chun feidhme trí thionscnaimh chomhphárteacha a atreisiónn a chéile, lena n-áirítear slógadh a dhéanamh sa tréimhse roimh 2020 agus córais a chur chun feidhme sa tréimhse i ndiaidh 2020, mar aon le leas foriomlán, comhbheartaithe a bhaint as gníomhaíocht sheachtrach.

14. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún oibriú leis na Ballstáit chun plean gníomhaíochta mionsonraithe a fhorbairt do 2016 maidir leis an taidhleoireacht i ndáil leis an aeráid, bunaithe ar na gnéithe le haghaidh gníomhaíocht maidir leis an taidhleoireacht i ndáil leis an aeráid, agus tuarascáil a thabhairt faoi shamhradh na bliana 2016 maidir leis an dul chun cinn a baineadh amach go dtí seo agus maidir leis na dúshlán atá ar na bacáin.

* * *

Gnéithe den ghníomhaíocht maidir leis an taidhleoireacht i ndáil leis an aeráid in 2016

Gníomhaíocht faoin gcéad snáithe: Leanúint de thacú leis an athrú aeráide a bheith mar thosaíocht straitéiseach san idirphlé taidhleoireachta, sa taidhleoireacht phoiblí agus in ionstraimí beartais sheachtraigh.

- Bainfidh an tAontas agus na Ballstáit leas as cruinnithe déthaobhacha agus as fóraim iltaobhacha atá ar na bacáin, lena n-áirítear G7 agus G20 agus ag na Náisiúin Aontaithe, chun a mholadh go leanfar de dhlús a chur le gníomhaíocht maidir leis an aeráid agus chun oibriú i gcomhar le comhpháirtithe d'fhonn na coinníollacha le haghaidh gníomhaíocht dhearfach a chruthú agus d'fhonn cosc a chur ar aon titim siar.
- Comhtháthóidh an tAontas agus na Ballstáit go hiomlán ina dtosaíochtaí comhchoiteanna maidir leis an taidhleoireacht i ndáil leis an aeráid an cuspóir teacht ar chomhaontú idirnáisiúnta ag Comhthionól ICAO i mí Mheán Fómhair 2016 maidir le Sásra atá Bunaithe ar an Margadh Domhanda chun astaíochtaí GCT a bheidh ann amach anseo ón eitlíocht idirnáisiúnta a rialú, tabharfaidh siad tacaíocht taidhleoireachta i ndáil leis an aeráid i gcaibidlíocht de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta agus é mar chuspóir córas domhanda bailithe sonraí maidir le hídiú breoslaí agus astaíochtaí GCT lena mbaineann ó loingseoireacht idirnáisiúnta a fhormheas i mí Aibreáin 2016, agus tiocfaidh siad ar chomhaontú maidir leis an leasú i ndáil le HFCanna faoi Phrótocal Montréal
- Déanfar teagmháil chomhchoiteann ar ardleibhéal ag eatraimh iomchuí trí Thoscaireachtaí an Aontais agus Ambasáidí na mBallstát. Leis an teagmháil sin, ba cheart díriú ar phríomhchinnteoirí agus ar ghníomhairí atá lárnach don athrú, lena n-áirítear ní amháin rialtais aíochta ach parlaiminteoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, tionscail ghlasa agus an tsochaí shibhialta i gcoitinne chomh maith. Ba cheart an teagmháil sin a nascadh leis an idirphlé beartais le tíortha atá i mbéal forbartha agus a fhaigheann tacaíocht ó chlár suaitheanta an Chomhaontais Dhomhanda um Athrú Aeráide +.
- Forbairt a dhéanamh ar an rath a bhí ann in 2015 d'fhonn an taidhleoireacht phoiblí chomhchoiteann a fheabhsú sna tíortha aíochta. Mar shampla, ba cheart do thoscaireachtaí an Aontais agus d'Ambasáidí na mBallstát oibriú i gcomhar lena chéile chun 'Lá Gníomhaíochta maidir leis an Taidhleoireacht i ndáil leis an Aeráid' a eagrú a mbeidh feabhas air, agus d'fhéadfaí teagmháil spriocdhírith a dhéanamh i gcomhthráth le searmanas sínithe Chomhaontú Pháras atá beartaithe ag na Náisiúin Aontaithe don 22 Aibreán 2016 agus i gcomhthráth leis na Cluichí Oilimpeacha freisin.

Gníomhaíochtaí faoin dara snáithe: Tacú le Comhaontú Pháras a chur chun feidhme i gcomhthéacs na forbartha íseal-charbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.

- Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit oibriú i gcomhar le comhpháirtithe chun tuiscint iomlán a fháil ar inneachar INDCanna, ba cheart dóibh tacú le comhpháirtithe i bpleananna cur chun feidhme a fhorbairt, agus ba cheart dóibh naisc a dhéanamh le tacaíocht iomchuí airgeadais agus le tacaíocht iomchuí theicniúil, go háirithe leis an tacaíocht sin a chuirtear ar fáil do na Tíortha is Lú Forbairt agus do na Stáit Oileánacha Bheaga atá i mBéal Forbartha le clár suaitheanta an Chomhaontais Dhomhanda um Athrú Aeráide +. Ba cheart leas a bhaint as seirbhísí taidhleoireachta an Aontais chun daingniú tráthúil a spreagadh.
- Déanfaidh an tAontas agus na Ballstáit an taidhleoireacht i ndáil leis an aeráid a phríomhshruthú tuilleadh trí leas a bhaint as a n-ionstraimí maidir le gníomhaíocht sheachtrach ar bhealach comhbheartaithe (lena n-áirítear comhar don fhorbairt, an beartas comharsanachta agus an beartas maidir le méadú, cosaint shibhialta agus an beartas daonnúil, trádáil, etc.) d'fhonn tacú le gníomhaíocht uaimhianach maidir leis an aeráid agus d'fhonn an tseasmhacht a threisiú, lena n-áirítear trí acmhainní a fhothú. Áireofar leis sin comhar straitéiseach le gníomhaithe neamhstáit a fheabhsú i gcomhthéacs Chlár Oibre Gníomhaíochta Líoma-Pháras.
- Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit d'oibriú i gcomhar lena chéile maidir le féachaint ar shásraí nuálacha chun leas a bhaint as maoiniú breise don troid i gcoinne athrú na haeráide ó infheisteoirí príobháideacha. (Mar shampla, an 'tionscnamh Nordach airgeadais' lenar chuir tíortha na Comhairle Nordaí tús ag cruinniú COP21.)
- Beidh cruinniú COP22 a thionólfar in Marrakech ríthábhachtach d'fhonn sonraí praiticiúla a bhunú chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme. Le démarche ón Aontas in oirchill chruinniú COP22 d'fhéadfaí míniú a thabhairt ar thuairimí an Aontais agus tacaíocht a iarraidh ó thíortha comhpháirtíochta maidir le saincheisteanna sonracha i gcomhair chruinniú Marrakech.

Gníomhaíochtaí faoin tríú snáithe: Cur leis na hiarrachtaí aghaidh a thabhairt ar an nasc idir an aeráid, acmhainní nádúrtha, rathúnas agus an imirce.

- Glacfaidh an tAontas agus na Ballstáit páirt níos mó sa díospóireacht a dhéantar maidir leis an aeráid agus leis an mbeartas slándála i bhfóraim idirnáisiúnta, amhail Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (molfaidh siad go ndéanfaí páipéar 2009 ón Ardrúnaí a nuashonrú), an Chomhdháil maidir leis an tSlándáil Phláinéadach arna heagrú ag an Ísiltír, agus comhdhálacha/tionscnaimh ábhartha eile arna n-eagrú ag na Ballstáit.
- Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit sin atá ina mbaill de G7 de bheith gníomhach, trí G7, maidir leis an aeráid agus le leochaileacht, ag gníomhú dóibh de bhun na dtorthaí ó thuarascáil G7 maidir leis an ábhar sin.
- Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit d'anailís ar laigí ó thaobh na haeráide de a chur san áireamh i measúnaithe riosca ar leochaileacht/slándáil agus ar thubaistí agus cuirfidh siad an anailís sin san áireamh ar bhealach feabhsaithe, agus rachaidh siad i gcomhar lena chéile maidir leis na hiarrachtaí a thiocfaidh dá bharr i ndáil le rioscaí a mhaolú, trí na hionstraimí iomchuí uile maidir leis an mbeartas seachtrach agus i gcomhar le líonraí bunaithe.
- Leanfaidh an tAontas d'obair a dhéanamh faoin tionscnamh agus faoin gclár comhphárteach comhshaoil idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir leis an aeráid agus maidir leis an tslándáil, lena dtugtar aghaidh go sonrach ar na héifeachtaí díchobhsaitheacha ar stáit leochaileacha a bhaineann leis an athrú aeráide.
- Moltar don Aontas agus do na Ballstáit féachaint ar an deis liosta gníomhartha maidir leis an aeráid agus maidir leis an tslándáil a chur le chéile.